

AN CHUILEOG IS AN DREANCAID

Bhí cuileog agus dreancaid ag faire na cúirte. Thuit an dreancaid ar an teine is dóghadh í. Thosuigh an chuileog ag caoineadh annsin nuair a bhí sí dóighte.

“Do chrádh agus do mhilleadh agat a chuileoigín,” adeir an dorus, “cén fáth dhuit a bheith ag caoineadh? “Níl neart a’m air, “cé’n fáth dhuit a bheith ag caoineadh?”níl neart a’m air,” adeir an chuileog, “mé féin is an dreancaid a bhí ag faire na cúirte. Thuit an dreancaid ar an teine agus tá mise dá caoineadh.” “Tosóchaidh mise ag gíosgadh,” adeir an dorus. Thosuigh an dorus ag gíosgán annsin. “Do chrádh agus do mhilleadh agat, a dhoruis,” a deir an carn aolaigh, “cén fáth gíosgáin atá agat?” “Níl neart a’m air,” adeir an dorus, “an chuileog is an dreancaid a bhí ag faire na cúirte. Thuit an dreancaid ar an teine agus dóghadh í. Thosuigh an chuileog dá caoineadh, agus thosuigh mise a’ gíosgán.”

“Muise mo chrádh agam,” adeir an carn aolaigh, “mara dtosuighidh mise ag lobhadh is ag bréanadh,” Thosuigh an carn aolaigh ag lobhadh is ag bréanadh annsin. Is gearr go dtáinig an fhionnóg ar an gcrann aolaigh agus thosuigh sí dhá chartadh agus d’airigh sí boladh bréan as.

“Do chrádh is do mhilleadh agat a chairn aolaigh,” adeir an fhionnóg, “cén fáth dhuit bheith có bréan lobhtha is atá tú?” “Níl neart a’m air,” adeir an carn aolaigh. “An chuileog is an dreancaid a bhí ag faire na cúirte, thuit an dreancaid ar an teine agus dóghadh í. Thosuigh an dorus ag gíosgadh, agus thosuigh mise ag lobhadh is ag bréanadh.”

“Muise mo chrádh agam,” adeir an fhionnóg “mara dtosuighidh mise a liathachan.” Chuaidh an fionnóg d’eiltreog ar an gcrann agus nuair a tháinig sí ar an gcrann bhí sí liath.

“Do chrádh agus do mhilleadh agat, a fhionnóg, cé’n ciall duit a bheith liath? “adeir an crann.

“Níl neart a’m air,”adeir an fhionnóg, “cuileog agus dreancaid a bhí ag faire na cúirte, thuit an dreancaid ar an teine agus dóghadh í. Thosuigh an chuileog dá caoineadh, thosuigh an dorus ag gíosgadh, thosuigh an carn aolaigh ag lobhadh is ag bréanadh, agus thosuigh mise ag liathan.”

“Muise mo chrádh agus mo mhilleadh agam,” adeir an crann, “mara dtosuighidh mise ag críonadh.” Thosuigh an crann ag críonadh agus sgaoil sé an duilleabhar síos sa tobar a bhí ag bun an chrainn.

Chuir an bolsgaire an cailín amach as an teach ag iarraidh cana uisge. Nuair a tháinig an cailín go dtí an tobar bhí sé lán de dhuilleabhar an chrainn. “Do chrádh is do mhilleadh agat,

a chrainn” adeir an cailín, cé’n chiall duit a bheith ag críonadh is ag sgaoileadh do chuid duilleabhair síos sa tobar?”

“Níl neart a’m air” adeir an crann. “Cuileog agus dreancaid a bhí ag faire na cúirte. Thuit an dreancaid ar an teine agus dógadh í. Thosuigh an chuileog dá caoineadh. Thosuigh an doras ag gíosgadh, thosuigh an carn aolaigh ag lobhadh agus ag bréanadh. Thosuigh an fhionnóg ag liathachan, tháinig sí orm-sa agus thosuigh mé ag críonadh agus sgaoil mé mo chuid duilleabhar síos sa tobar agus níl neart a’m air.”

“Muise mo chrádh is mo mhilleadh air,” adeir an cailín, más mar sin é mara mbrisidh mise an cana,” agus thosuigh sí agus bhris sí an cana. Nuair a tháinig sí isteach ag an mbolsgaire: “cá bhfuil an t-uisge?” adeir sé.

“Bhris mé an cana,” adeir an cailín.

“Tuige?” adeir an bolsgaire.

“Cuileog agus dreancaid a bhí ag faire na cúirte, thuit an dreancaid ar an teine agus dógadh í. Thosuigh an chuileog ag caoineadh, thosuigh an doras ag gíosgadh, thosuigh an carn aolaigh ag lobhadh is ag bréanadh, thosuigh an fhionnóg ag liathachan, thosuigh an crann ag críonadh agus sgaoil sé a chuid duilleabhar síos sa tobar agus bhris mé féin an cana.”

“Muise mo chrádh agam mara sailighidh mé féin soitheach an leanna,” adeir an bolsgaire agus thosuigh sé ag agus chuir sé salachar i soitheach an leanna. Tháinig an gréasaidhe ag iarraidh cuid den leann, d’árduigh sé an soitheach ar a cheann ag ól an leanna agus d’airigh sé boladh bréan as an leann.

“Do chrádh agus do mhilleadh agat,” adeir sé leis an mbolsgaire, “cén chiall duit boladh a bheith as an leann agat?” níl neart a’m,” air adeir an bolsgaire. Cuileog agus dreancaid a bhí ag faire na cúirte thuit an dreancaid ar an teine agus dógadh í. Thosuigh an chuileog dá caoineadh, thosuigh an doras ag gíosgadh, thosuigh an carn aolaigh ag lobhadh is ag bréanadh, thosuigh an fhionnóg ag liathachan, thosuigh an crann ag críonadh, agus sgaoil sé a chuid duilleabhar síos sa tobar cailín an canna agus nuair a tháinig sí isteach gan uisge chuir mé féin salachar i soitheach an leanna agus níl neart a’m air.” Más cúrsaí mar sin é,” adeir an gréasaidhe,” cuirfidh mé meannthadh dearg ionnam féin.” Chuaigh an gréasaidhe abhaile agus chuir sé meannthadh dearg ann féin agus cailleadh é. Bhí an sgéal innstigte annsin béadh é an gréasaidhe a d’íoc as an dreancaid. 9/11/31

Séard a bhí an tsideog á iarraidh;

Creannach na ndásacha

Báirnigh na bhFuiríún (fuiríúin)

Trí sháith d’uisge Glaise Feadh

Min a bhfuide ón mbró

Agus bainne na mbó a rug annuraidh.

Bainne na bó a rug annuraidh

Bó gamhna, bó a raibh laogh aice

Anuraidh agus gan aon laogh ó shoin

9/11/31.

An mhin a bhfuide ón mbró an mhin ba deacra fhághail..

Dásacha - Carraigreacha siar ó Leitir Mealláin

Glaise Feadh - i naice le Caiseal

Na Fuiríúin - Carraigreacha siar ó Mhuighros.